

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

# Plean Corparáideach 2020-2024

dlr
Comhairle Contae County Council

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| **1** | **RÉAMHRÁ: AN CATHAOIRLEACH, AN CLR SHAY BRENNAN** | **4** |
| **2** | **RÉAMHRÁ: AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH, PHILOMENA POOLE** | **7** |
| **3** | **ÁR gCONTAE** | **8** |
| 3.1 | Suíomh | 8 |
| 3.2 | Daonra | 9 |
| **4** | **ÁR gCOMHAIRLE** | **10** |
| 4.1 | Gradaim | 12 |
| 4.2 | Éachtaí 2015-2019 | 14 |
| 4.3 | Ár nDualgais | 16 |
| 4.4 | Cairt Eagraíochta | 20 |
| 4.5 | Ár bhFís | 21 |
| 4.6 | Ár bPríomhluachanna | 22 |
| **5** | **COMHTHÉACS AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH SEO** | **24** |
| 5.1 | An Ról sa Phleanáil Straitéiseach | 24 |
| 5.2 | Ag cur leis an bPlean Corparáideach Seo | 26 |
| **6** | **TÉAMAÍ** | **28** |
| **7** | **SPRIOCANNA AGUS CUSPÓIRÍ CORPARÁIDEACHA** | **30** |
| 7.1 | Forléargas | 30 |
| | Sprioc Chorparáideach 1 | 32 |
| | Sprioc Chorparáideach 2 | 34 |
| | Sprioc Chorparáideach 3 | 36 |
| | Sprioc Chorparáideach 4 | 38 |
| | Sprioc Chorparáideach 5 | 40 |
| | Sprioc Chorparáideach 6 | 42 |
| | Sprioc Chorparáideach 7 | 44 |
| | Sprioc Chorparáideach 8 | 46 |
| **8** | **CUR I bhFEIDHM AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH** | **48** |
| 8.1 | Comhaltaí Tofa | 48 |
| 8.2 | Bainistíocht agus Foireann | 48 |
| 8.2.1 | Foireann Bainistíochta | 48 |
| **9** | **SEACHADADH AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH A MHEAS** | **50** |
| 9.1 | Tuairiscí na Comhairle | 50 |
| 9.2 | An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) | 50 |
| 9.3 | Tomhais reatha bunlíne (Samhain 2019) | 51 |
| 9.4 | Comhaontuithe Seirbhíse (CSanna) | 51 |
| | **AGUISÍNÍ** | **52** |
| | Aguisín A: Toghlimistéir Áitiúla agus Comhaltaí na Comhairle 2019 | 52 |
| | Aguisín B: Táscairí Feidhmíochta CNMI do na hÚdaráis Áitiúla 2018 | 54 |
| | Aguisín C: Beartas Eorpach, Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil | 59 |
| | Nótaí | 61 |

# 1 RÉAMHRÁ

Leagann Plean Corparáideach 2020-2024 Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ár bhfís amach maidir leis an tslí ar mhian linn oibriú mar Údarás Áitiúil sna cúig bliana atá romhainn. Agus muid ag obair le saoránaigh ar fud an chontae chun an Plean a fhorbairt, comhghníomh a bhí ann ina raibh an deis ag daoine a chónaíonn agus a oibríonn anseo a mianta agus a spriocanna dá gceantar áitiúil a chíoradh agus a aithint. Mar Chathaoirleach, cuirim fáilte roimh fhairsinge an rannpháirteachais phoiblí agus roimh an díograis a spreag an plé. Beidh rannpháirteachas agus comhoibriú leanúnach le cónaitheoirí, gnólachtaí, comhghleacaithe, agus comhlachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta an-tábhachtach chun cabhrú linn na cuspóirí sa Phlean Chorparáideach seo a bhaint amach.

Táimid feasach mar gheall ar na dúshláin agus na deiseanna atá amach romhainn ach táimid ar an eolas chomh maith go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag ár gcontae le cúpla bliain anuas. Tá baile úr nua den chéad scoth ag teacht chun cinn i gCoill na Silíní; nuair a chríochnófar é, cuirfear tithíocht, scoileanna agus áiseanna poiblí d'ardchaighdeán ar fáil do bhreis agus 20,000 cónaitheoir nua.

Tá barr fheabhais curtha againn ar ár mbonneagar maidir le comhfhorbairt áite, áiseanna pobail, fearainn pháirce, áiseanna rothaíochta, cosáin agus maidir lenár ngréasáin bhóithre. Cabhraíonn na forbairtí bonneagair sin infheistíocht tráchtála ar an mórchóir a mhealladh chuig ár gcontae, ag soláthar deiseanna fostaíochta agus ag cruthú mol do ghníomhaíocht tráchtála agus theicniúil. D'oibríomar le gnólachtaí áitiúla, an earnáil turasóireachta agus comhpháirtithe amhail Ceantar Gnó Áth an Ghainimh chun fiontraíocht a fhorbairt ag leibhéal áitiúil.

I measc na bpríomhdhúshlán atá romhainn faoi láthair agus muid ag dul ar aghaidh ná tionchar an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil. Le cúpla bliain anuas, chuireamar Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide i bhfeidhm, rinneamar athfhorbairt ar ár mbeartais maidir leis an mbithéagsúlacht agus úsáid lotnaidicídí, agus dhíríomar ar an dea-chleachtas maidir le húsáid fuinnimh. An aidhm atá againn ná a bheith chun tosaigh ó thaobh cur chuige a thugann tús áite don aeráid a ghlacadh maidir le seachadadh seirbhíse.

Tá an t-ádh orainn go bhfuilimid inár gcónaí i gceantar ina bhfuil pobail áitiúla rannpháirteacha agus beoga atá dírithe ar an obair dheonach agus ina bhfuil eagraíochtaí spóirt, eagraíochtaí cultúir agus eagraíochtaí a thacaíonn leis an bpobal, a fhreastalaíonn ar gach réimse dár sochaí. Is bunchloch iad na pobail sin a fhágann go bhfuil ár gContae ina áit speisialta le cur fút agus leanaimid ar aghaidh ag cur tacaíocht láidir ar fáil don obair a dhéanann na heagraíochtaí áitiúla sin.

Murab ionann is riamh, ba mhian linn bheith dul i mbun comhpháirtíochta lenár gcónaitheoirí, lenár ngnólachtaí agus lenár gcomhghleacaithe i mbealaí difriúla; chun an nuálaíocht a chur chun cinn nuair is féidir linn agus réitigh mhalartacha atá indéanta a aimsiú. An aidhm atá againn ná an chuid is fearr dár gcontae a chosaint; chun pobal inbhuanaithe agus nasctha agus timpeallacht chliste ghnó a chruthú, áit a ndéanaimid iarracht seirbhísí d'ardchaighdeán a sholáthar. Tá an Plean Corparáideach seo uaillmhianach agus soláthraíonn sé árdán criticiúil d'fhorbairt sheachadadh na seirbhíse sa chontae seo amach anseo.





**An Clr Shay Brennan,**
An Cathaoirleach





# 2 RÉAMHRÁ

Cuireann 2020 tús le deich mbliana nua; fógraíonn sé deiseanna úra agus féidearthachtaí nua, tréimhse ina bhféachaimid chun cinn le fonn chun ár mianta agus ár dtosaíochtaí do na chéad cúig bliana eile a bhaint amach.

Is plean d'iomaí glór é ár bPlean Corparáideach (2020-2024); léiríonn sé fairsinge an chomhairliúcháin a bhí ar bun le cúpla mí anuas agus sonraíonn sé na dearcthaí tuisceanacha agus smaointe samhlaíocha a fuaireamar ó dhaoine ar fud na heagraíochta agus ar fud an chontae. Freagraíonn a phríomhthéamaí ar na hiomaí fadhbanna a ardaíodh. Léiríonn a dtosaíochtaí ár dtiomantas chun cur lenár n-éachtaí le cúig bliana anuas. Cuireann siad ár bhfís le haghaidh contae forásach, beoga in iúl; áit mhealltach, ionchuimsitheach, inrochtana, inar féidir le pobail nascadh lena chéile i dtimpeallachtaí sábháilte, glana agus inar féidir leo tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuireann geilleagar láidir ar fáil.

Tuigimid na dúshláin atá romhainn. Mar sin féin, sa Phlean Corparáideach seo tuaraimid ár rúin don chontae agus leagaimid ár rúndaingne amach chun iad a chur i gcrích. Aithnímid an gá atá ann chun cur le caighdeán beatha na saoránach trí thacaíocht a thabhairt do phobail bheoga, ionchuimsitheacha agus trí chinntiú go soláthrófaí tithíocht agus saoráidí leordóthanacha. Tá ról ceannasaíochta againn mar gheall ar ár seasamh a thugann 'Tús Áite don Aeráid', agus táimid ar thús cadhnaíochta maidir le gníomh dearfach. Is léir ár gceannasaíocht maidir le dul i ngleic leis an Athrú Aeráide, maidir lenár timpeallacht nádúrtha a chosaint agus maidir leis an mbithéagsúlacht a spreagadh sa tslí ina gcuirfimid ár bpolasaithe nuálacha um úsáid fuinnimh agus um fheabhsú an chomhshaoil i bhfeidhm.

Léiríonn cur i gcrích Choill na Silíní, an tionscnamh bonneagair uirbigh is mó sa tír, ár bhfócas amach anseo: tithíocht d'ardchaighdeán i bpobail chomhtháite, rochtain ar áiseanna nua-aimseartha bardasacha agus bonneagar rothaíochta le roghanna iompair inbhuanaithe a sholáthar. Agus muid ag obair le gnólachtaí áitiúla, tá na teorannacha sáraithe againn agus chruthaíomar ár seasmhacht cheana féin, ag baint leas as an méid is mó deiseanna is féidir do gheilleagair áitiúla. Anois, agus muid inár n-áisitheoir don fhorbairt gheilleagrach sa chontae, táimid ag súil le hinfheistíocht a mhealladh go dtí an earnáil tráchtála agus deiseanna a mhéadú do chomhlachtaí agus d'fhiontraithe, ar mian leo a ngnólachtaí a fhorbairt sa cheantar atá againn.

I dtimpeallacht ina mbeidh gá le hiompair fhreagrúla agus oiriúnaitheacha chun coinneáil le hathruithe gasta, d'athraíomar ár mbealaí oibre chun ár seirbhísí go mbeadh ár seirbhísí níos éifeachtaí. Tá ár Straitéis Chaochlaithe Digitigh faoi lán seoil; is lárionad seirbhísí do chustaiméirí den chéad scoth atá breisithe go digiteach é ár Mol nua Cathartha a chinntíonn nascacht ag gach céim den idirghníomhaíocht le custaiméirí. Leanann ár gComhaltaí tofa ag obair linn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais saoránach ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as ár dtionscnaimh réimse poiblí, thithíochta agus bhonneagair, a bhfuil duaiseanna bainte acu.

Agus iad ag síneadh ó na sléibhte go dtí an fharraige, tá cuid de na háiseanna nádúrtha, cultúir agus spóirt is fearr in Éirinn ag ár slabhra de shráidbhailte beoga – a bhfuil a fhéiniúlacht féin ag gach ceann acu. Tabharfaidh baint amach ár dtosaíochtaí corparáideacha deiseanna nach féidir a shárú



**Philomena Poole,**
Príomhfheidhmeannach

dár bpobail áitiúla chun an chuid is fearr den saol a bhaint; ag nascadh, ag glacadh páirte agus ag brath folláine.

Mórthimpeall ár bPlean Corparáideach (2020-2024), tá sraith de luachanna lárnacha a thacaíonn lenár bhfís le haghaidh contae forásach sláintiúil. Beidh an comhoibriú, an trédhearcacht, an meas agus glacadh le hathruithe go cróga ina bpríomhchodanna dár gcur chuige. Táim cinnte go n-úsáidfidh ár bhfoireann, a bhfuil ardscileanna acu, a scileanna éagsúla chun na coinníollacha is fearr a chruthú um leas gach duine, mar a théimid ar aghaidh chuig na chéad deich mbliana eile.

# 3 ÁR gCONTAE

## 3.1 Suíomh

Tá Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, suite idir na bruachbhailte lasmuigh de Chathair Bhaile Átha Cliath agus Sléibhte Bhaile Átha Cliath; agus tá imeallbhord, ar fad 17km, cuan, agus bailte agus sráidbhailte mealltacha aige, chomh maith le pobail ina mbaineann cónaitheoirí agus cuairteoirí taitneamh as cuid de na háiseanna nádúrtha is fearr in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá sé de bhuntáiste aige rochtain nach féidir a shárú ar iompar poiblí, ar dheiseanna fostaíochta, ar áiseanna fóillíochta, ar oideachas, ar shiopadóireacht agus ar réimse phoiblí mhealltach a bheith aige. Is contae cliste, beoga é; áit mhealltach, ionchuimsitheach agus inrochtana do chách.

Clúdaíonn an Contae na toghlimistéir a leanas: An Charraig Dhubh, Dún Droma, Dún Laoghaire, Gleann Cuilinn-Áth an Ghainimh, Cill Iníon Léinín-Seanchill agus Stigh Lorgan. Tá pobal beoga an Chontae dírithe ar fud slabhra sráidbhailte, a bhfuil a fhéiniúlacht láidir féin ag gach ceann acu, amhail Deilginis, Carraig an tSionnaigh, Baile na Manach, Ráth Fearnáin, Seanchill, Áth an Ghainimh agus An Chéim. Tá baile nua, an bonneagar uirbeach is mó sa tír ag a mbeidh daonra 25,000 duine, á thógáil ag Coill na Silíní.

Cinnteoidh pleananna do thuilleadh forbartha i gceantar eile, lena n-áirítear Áth an Ghainimh, An Chéim-Baile Uí Ógáin, Cill Tiarnáin-Gleann na Muc, Sruthán na Coille-Seangánach agus Seanchonach, go ndaingneofar tithíocht nua i bpobail atá ann cheana, gar d'ionaid fostaíochta agus a bhfuil naisc agus seirbhísí maithe iontu maidir le hiompar, le scoileanna agus le háiseanna áineasa.

Mar gheall ar a lucht saothair a bhfuil ardscileanna agus ardoideachas acu, tá geilleagar rathúil atá ag fás sa Chontae ina bhfuil breis agus 95,000 duine fostaithe. Tá sé seo á stiúradh go príomhá ag bailte móra amhail An Charraig Dhubh, Dún Laoghaire, Dún Droma, Stigh Lorgan, agus Ceantar Gnó Áth an Ghainimh. I measc na mórfhostaitheoirí, tá comhlachtaí idirnáisiúnta TF agus cógaisíochta, chomh maith le tionscail airgeadais agus seirbhísí. Tá sár-rochtain ag Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar áiseanna oideachais—is ann atá COBÁC, an ollscoil is mó in Éirinn, lonnaithe—agus cuireann COBÁC agus IADT oideachas tríú leibhéal ar 32,000 mac léinn in aghaidh na bliana.

Soláthraíonn eagraíochtaí deonacha agus pobail a dtacaítear leo roghanna éagsúla do shaoránaigh páirt a ghlacadh ina bpobail áitiúla, ina gcumainn cónaitheoirí agus in imeachtaí éagsúla spóirt agus cultúir. Tá gníomhaíocht ar son na haeráide go hard ar chlár oibre na Comhairle agus tá Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide glactha ag na comhaltaí tofa ina leagtar spriocanna uaillmhianacha ach indéanta amach chun leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun ár gcomhshaol a chosaint don todhchaí.



## 3.2 Daonra

Tá 18.6% de dhaonra Bhaile Átha Cliath, is é sin 218,018 duine, ina gcónaí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, de réir an daonáireamh is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (POS) in 2016. Is méadú 5.7% é sin i gcomparáid le daonáireamh 2011.

Tá formhór chónaitheoirí an Chontae níos sine ná 35 bliain d'aois (55%) agus tá ardú 18% tagtha ar líon na ndaoine atá ar scor in dlr ó bhí 2011 ann.

Is Éireannaigh iad formhór na ndaoine atá ina gcónaí sa Chontae (87.5%), ach i measc na náisiúntachtaí eile tá Briotanaigh (2%); Polannaigh (1.5%); daoine ó áiteanna eile san AE (3.8%); daoine ón Domhan Mór (4.2%) agus iad siúd nár sonraíodh (1%).

Tá 54% de dhaonra dlr ag obair, 17% den daonra ar scor agus is mic léinn iad 14%. Tá an t-ioncam meánach is airde in Éirinn, €66,203, ag na teaghlaigh anseo, agus tuilleann siad 20% níos mó ná an meántheaghlach i mBaile Átha Cliath. Tá ráta dífhostaíochta 7.4% sa Chontae.

Tá 78,601 teaghlach sa Chontae, a bhfuil tithíocht shóisialta de chuid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag 4,765 teaghlach acu. Tá teach agus morgáiste ag 31% de na daoine in dlr agus teach gan mhorgáiste ag 38% de dhaoine, agus tá áiteanna ar cíos ó thiarna talún príobháideach ag 20%.

Tá 48% acu fireann agus 52% acu baineann.

**218,018** cónaitheoir

**18.6%** de dhaonra Chathair agus Bhruachbhailte Bhaile Átha Cliath

**€66,203** ioncam meánach

**48%** fireann

**52%** baineann

# 4 ÁR gCOMHAIRLE


Tá 40 Comhairleoir ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, ar toghadh iad ó shé Thoghcheantar. Maireann téarma gach Comhairleoir cúig bliana.

Is leis na Comhairleoirí agus leis an gCoiste Feidhmiúcháin i gcomhpháirt lena chéile a bhíonn an fhreagracht as seirbhísí riachtanacha poiblí a sholáthar do phobail an chontae. Agus iad an lucht déanta beartais, feidhmíonn na Comhairleoirí a n-údarás le Feidhmeanna Forcoimeádta. I measc na bhfeidhmeanna sin, tá glacadh Phlean Forbartha an Chontae, an Phlean Chorparáidigh, na Cáinaisnéise Bliantúla, lena n-áirítear an ráta tráchtála a shocrú, agus an Cháin Mhaoine Áitiúil a athrú.

Déanann an Coiste Feidhmiúcháin na cinntí oibríochta laethúla de réir na mbeartas atá glactha ag na Comhairleoirí. I measc na gcinntí sin, tá cinntí pleanála, rialaithe bhuiséadaí agus leithdháilte tithíochta. Feidhmíonn an Coiste Feidhmiúcháin na feidhmeanna rialála chun leas an Chontae freisin.

Cabhraíonn an Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC), a bhfuil an Cathaoirleach agus Cathaoirligh na gCoistí Beartais Straitéisí (CBSanna) ina gcomhaltaí de, leis na Comhairleoirí lena ról déanta beartais. Cuireann an GBC an fóram ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do na Comhaltaí Tofa agus do na CBSanna ábhair beartais a mholadh a mbeidh tionchar acu ar an gComhairle iomlán chun iad a phlé agus a aontú sula n-ardófaí iad leis an gComhairle iomlán.

Déanann na CBSanna forbairt, athbhreithniú agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm beartas. D'fhéadfadh Comhairleoirí agus ionadaithe ó earnálacha leasmhara, amhail gnó, an pobal, an comhshaol agus ceardchumainn bheith ina gcomhaltaí de CBS. Tá sé CBS i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin; Tithíocht, Forbairt Gheilleagrach & Fiontar, Pobal, Cultúr & Folláine, Pleanáil agus Rannpháirteachas Saoránach, An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Iompar & Muirí.





## 4.1 Gradaim




### 2019

- Gradam an Bhrait Ghlais do Pháirc Mharlaí, Páirc Chábán tSíle, Páirc na Carraige Duibhe agus Páirc an Phobail;
- Gradaim IRAE (Insitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann) sna réimsí "Inbhuanaitheacht" agus "Scéim na Tithíochta Beo" do Phlás Sheoirse, Tithíocht Dhún Laoghaire;
- Gradaim IRAE sa chatagóir "Folláine" d'Ionad Pobail agus Seanóirí an Naigín;
- Gradaim IRAE sa chatagóir "Spás Poiblí" do Thionscadal Bhaile na Manach;
- Teastas EnerPhit do Theach Bhaile an Róistigh, An Naigín;
- Bhuaigh OFA dlr & Output Sports sa chatagóir don Smaoineamh Gnó is Fearr sa Bhabhta Ceannais Náisiúnta don Fhiontraí Óg is Fearr in Éirinn (IBYE);
- Gradam Inbhuanaitheachta Innealtóirí na hÉireann do Pháirc & Garraithe Chnoc na Raithní;
- Gradam Ceannasaíochta na hEarnála Poiblí SEAI do Nuálaíocht Fuinnimh;
- An Gradam don Bharr Feabhais sa Rialtas Áitiúil do Gháirdín Otranto Cois Farraige.

### 2018

- Bonn Óir ag Bloom (an féile garraíodóireachta is mó in Éirinn) do Ghairdín Inbhuanaitheachta Chnoc na Raithní;
- Gradam na Páirce Glaise do Pháirc Mhárlaí, Páirc Chábán tSíle, Páirc na Carraige Duibhe agus Páirc an Phobail;
- Gradam an Bhrait Ghoirm do Thrá Rinn na Mara;
- Gradam IRAE sa réimse "Inbhunaitheacht" don Tithíocht Eachlainne agus sa réimse "Spás Poiblí" do Chaladh dlr;
- Bhuaigh Gradaim na hÉireann do Phobail agus do Chomhairlí (LAMA) don Fhoireann/Cumann Pobail Spóirt is Fearr do "Tennis for All" agus an Tionscnamh Ealaíon/Cultúir is Fearr d'Fhéile Bhaile Uí Ógáin;
- OFA dlr i mBabhta Ceannais GloFox ag Babhta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath don Fhiontraí Óg is Fearr in Éirinn (IBYE);
- Fógraíonn Fáilte Ireland gurb é dlr LexIcon an cúigiú háit turasóireachta saor in aisce is mó a tugadh cuairt air sa Chontae;
- Gradam CAE (Cumann Ailtireachta na hÉireann), Caladh Dearg dlr.

### 2017

- An Tionscadal Innealtóireachta Sibhialta is Fearr do Bhóthar Ceangail Bhaile na Lobhar agus an Tionscadal um Chumraíocht Timpealláin ag Gradaim na Comhairle agus an Phobail;
- Gradam an Bhrait Ghlais do Pháirc Chábán tSíle; Páirc na Carraige Duibhe; Páirc Mhárlaí agus Páirc an Phobail;
- Gradaim IRAE, an Tionscadal Inbhuanaitheachta is Fearr do Theach Bhaile an Róistigh, Céim 2;
- Gradaim IRAE, Ardmholadh, Foirgnimh Phoiblí do Champas Cathartha Samuel Beckett;
- Gradaim CAE – Moladh do Champas Cathartha Samuel Beckett.

## 2016

- Gradam IRAB don Bharr Feabhais Idirnáisiúnta do dlr LexIcon;
- Gradaim Chumann Coincréite na hÉireann, Buaiteoir Foirgnimh agus an Buaiteoir Foriomlán, dlr LexIcon;
- Gradaim Canadian Wood, Moladh do Champas Cathartha Samuel Beckett;
- The Architecture of Necessity, Músaem Ealaíne Virserum, an tSualainn – Moladh, Campas Cathartha Samuel Beckett;
- Wood Awards na hÉireann - Buaiteoir, Foirgnimh ar Scála Mór do Champas Cathartha Samuel Beckett;
- Wood Awards na hÉireann, Buaiteoir Foriomlán do Champas Samuel Beckett;
- An Chéad Teideal don Bhardasacht Dhomhanda is Éifeachtúla do Smart Belly Bins;
- An Gradam Náisiúnta Athchúrsála ag Gradaim Pakman do Bhaile Uí Ógáin, "Gradam don Ionad 'Fág Anseo' na Bliana";
- Gradam an Bhrait Ghlais do Pháirc an Phobail agus do Pháirc Chábán tSíle;
- Gradam an Chomhshaoil Inbhuanaithe do "Bithéagsúlacht i mbun Gnímh" ag Gradaim Chambers Ireland don Bharr Feabhais sa Rialtas Áitiúil;
- Gradam na hOidhreachta Náisiúnta do Thionscadal Athchóirithe Chaisleán Dheilgnise;
- Fuair dlr LexIcon Gradam Selwyn Goldsmith do Dhearadh Idirnáisiúnta agus Gradam Speisialta an Phainéal Náisiúnta ag Gradaim an Iontaobhais Chathartha 2016 in Londain;
- Gradaim IRAE, Buaiteoir, Earnáil Tráchtála/Miondíola, do Phailliún Pháirc an Phobail.

## 2015

- Gradam IRAE sa réimse 'Cultúr is Fearr' agus 'An Foirgneamh Poiblí is Fearr' do dlr LexIcon;
- Gradam Sábháilteachta ar Bhóithre Uirbeacha Cathracha sna Gradaim don Bharr Feabhais sa Ghnó le hIris na hEarnála Poiblí;
- Gradaim IRAE 2015 Ardmholadh: Ionad Oidhreachta agus Halla an Bhaile, Deilginis;
- Gradaim Náisiúnta Tírdhreacha - sa chatagóir 'Réimse Phoiblí' don Phromanáid Ardaithe ag Páirc an Phobail;
- Gradaim Náisiúnta Tírdhreacha - sa chatagóir 'Oidhreacht agus Caomhnú an Tírdhreacha' d'athchóiriú Pháirc an Phobail, Dún Laoghaire;
- Gradaim Náisiúnta Tírdhreacha - sa chatagóir 'Bainistíocht, Polasaí agus Taighde Tírdhreacha' do Straitéis Bhonneagair Ghlais dlr 2016-2022;

# 4.2 Éachtaí 2015-2019

### Bonneagar Críochnaithe:

- Carrchlós Shráidbhaile Charraig an tSionnaigh
- Bóthar Ceangail & Timpeallán Bhaile na Lobhar
- Bóthar na Potaireachta
- Uasghrádú Pháirc Ghnó Dheisceart an Chontae
- Leathnú Bhóthar Burton Hall
- Carrchlós stáisiún DART Sheanchille
- Oibreacha Idirlinne Bhóthar Sheangánaí (Céim 1)
- Acomhal N11 agus Bóthar Ghleann an Draoi (Céim 1)
- Cuireadh 10,000 lóchrann do shoilse poiblí isteach ag a bhfuil caighdeán LED níos tíosaí ar fhuinneamh
- Áiseanna Pobail agus Fóillíochta Samuel Beckett
- Síneadh Ionad Tionscadal Chúil Aoibhinn
- Síneadh Ionad Pobail agus Seanóirí an Naigín
- Seomra Pobail Chnocán na Rós
- Síneadh Leabharlann Chábán tSíle
- Síneadh Theach Pháirc Sheangánaí
- Tosaíodh ar fhorbraíocht Ilchineálach Láir Baile ag Coill na Silíní, ag soláthar 1,316 árasán, úsáidí miondíola, úsáidí nach úsáidí miondíola iad, cóiríocht oifige agus úsáidí pobail
- Ceadaíodh maoiniú le haghaidh thionscadal Pháirceanna Poiblí, Ghlasbhealaí agus Mhaolú Choill na Silíní

### Teicneolaíocht/Eacnamaíoch/ Corparáideach

- Mol Cathartha, osclaíodh áis nua do chúram do chustaiméirí
- Críochnaíodh Seomra nua na Comhairle
- Glacadh Straitéis Turasóireachta
- Osclaíodh both 7 lá um Eolas do Thurasóirí
- Rinneadh meantóireacht ar 1,600 comhlacht tríd an oifig OFA
- Rinne an OFA maoiniú díreach ar 233 post
- Ghlac 15 meanscoil páirt sa Chlár Fiontair Mac Léinn
- Forbraíodh láithreán gréasáin nua na Comhairle
- Seoladh an Straitéis Dhigiteach
- Seoladh córas nua ar líne do dheontais
- Leathnaíodh amach Wifi saor in aisce i mBaile Dhún Laoghaire, i bPáirc Mhárlaí agus in Ionaid Fóillíochta
- Comóradh ar RMS Leinster
- Teacht Abhaile Annalise Murphy ó na Cluichí Oilimpeacha

## An Pobail/Cultúr/Áineas/ Imeachtaí

- OBreis agus 2,000 imeacht gach bliain
- Seoladh My Open Library
- Comórtas Iron Man
- Tumadóireacht Red Bull d'Aill
- Brait ghlasa don Charraig Dhubh, do Pháirc Mhárlaí, do Pháirc an Phobail agus do Pháirc Chábán tSíle
- Cuireadh tús leis an Music Generation Programme
- Féilte Bliantúla don Ionchuimsiú
- Móraonaigh um an Aoisbhá

## Tithíocht

- Soláthraíodh 933 teach le linn 2015-2017
- Soláthraíodh 673 teach in 2018
- Soláthraíodh tithe le comhaontuithe Chuid V agus le ceaduithe Chuid VIII
- Coinníodh agus rinneadh feabhas ar bhreis agus 4,700 teach shóisialta

# 4.3 Ár nDualgais



Tá ceithre phríomhról ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, mar a leanas:

**Seirbhísí a sholáthar**

**Soláthraí & áisitheoir bonneagair**

**Polasaí a Chur i bhFeidhm**

**Forbairt gheilleagrach agus pobail a éascú**


BUS
BUS
SLOW

## 4.3 Ár nDualgais

Soláthraíonn an Chomhairle na príomhsheirbhísí seo a leanas:

### Ailtirí

- Dearadh Ailtireachta & Uirbeach
- Faisnéis & athchóiriú oidhreachta
- Caomhnú
- Bainistíocht Fuinnimh
- Foirgnimh Chontúirteacha

### Bonneagar & Athrú Aeráide

- Gníomhaíocht ar son na hAeráide
- Seirbhísí Dóiteáin, na Cosanta Sibhialta agus na Móréigeandála
- Feasacht, monatóireacht agus forfheidhmiú comhshaoil
- Athchúrsáil & Bainistíocht Bhruscair
- Soláthar Bonneagair
- Pleanáil Bóithre
- Bainistíocht Maoine

### Forbairt Pobail & Chultúir

- Forbairt an Phobail & Ionchuimsiú Sóisialta
- Leabharlanna
- Cláir Ealaíne agus Chultúir
- Rannpháirteachas earnáil an Phobail & na hearnála Deonaí
- Áiseanna Pobail & Fóillíochta

### Tithíocht

- Seirbhísí do dhaoine gan dídean
- Soláthar agus tógáil tithíochta sóisialta & Cóiríocht don Lucht Siúil
- Tithíocht Inacmhainne
- Rannpháirteachas earnáil na tithíochta deonaí

### Bonneagar don Phleanáil Chun Cinn

- Foireann Tionscadail Ghníomhaireachta Forbartha do CFS Choill na Silíní
- Mórshuíomhanna um Thithíocht Uirbeach a Sholáthar (MTUS)
- An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBASTG)

## Corparáideach, Acmhainní Daonna & TF

- Seirbhísí Corparáideacha
- Bainistíocht Áiseanna
- Mol Cathartha do Custaiméirí
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Acmhainní Daonna
- Cumarsáid agus Rannpháirteachas Saoránach

## Pleanáil

- Tobhach Láithreán Folamh
- Pleananna Forbartha agus Pleananna Limistéir Áitiúil
- Rialú Foirgníochta
- Bainistíocht Forbartha

## Airgeadas & Forbairt Gheilleagrach

- Oifig Fiontair Áitiúil
- Turasóireacht & Nascadh
- Bainistíocht Airgeadais
- Rátaí Tráchtála


## Seirbhísí Bardasacha

- Seirbhísí Uisce & Draenáil
- Páirceanna poiblí & clóis súgartha
- Páirceanna imeartha, conairí, áiseanna fóillíochta
- Linnte snámha agus spórtlanna
- Cosaint an Chósta
- Féilte, margaí an CoCo, imeachtaí spóirt agus poiblí
- Glantachán sráide
- Reiligí
- Dearadh, tógáil, cothabháil & Feabhsú bóithre
- Bainistíocht Éigeangdála, Sábháilteacht Uisce
- Bainistíocht Tráchta, soilse poiblí, sábháilteacht ar bhóithre
- Oidhreacht
- Nádúr agus Bithéagsúlacht

## Dlí

- Seirbhísí Dlí
- RGCS

## 4.4 Cairt Eagraíochta



## 4.5 Ár bhFís

### An Contae:

Contae forásach, beoga atá mealltach, ionchuimsitheach agus inrochtana.

### An Chomhairle:


Timpeallacht ghlan a sholáthar ina bhfuil pobail nasctha, agus geilleagar láidir ag cur taca fúthu.

### Ár Misean:

Oibriú le chéile chun seirbhísí poiblí d'ardchaighdeán a sholáthar.

## 4.6 Ár bPríomhluachanna

Smaoiníomar agus d'aontaíomar ar shraith de phríomhluachanna chun an eagraíocht agus ár bhfoireann a threorú agus ár bhfís de Chontae forásach folláin a sholáthar ionas go mbeidh na glúnta atá le teacht faoi bhláth. Agus muid ag tabhairt faoinár ndualgais, déanfaidh foireann na Comhairle agus Comhaltaí Tofa beart de réir na luachanna seo a leanas mar a leagtar amach sa Phlean Corparáideach iad i gcónaí, chun leas gach duine.



### Comhoibríoch

Oibriú i gcomhpháirtíocht chun comhthoil a fhorbairt agus torthaí níos fearr a bhaint amach trí rannpháirteachas láidir le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.



### Aeráid Chun Tosaigh

Cur chuige a chur i bhfeidhm a chuireann an aeráid chun tosaigh agus cinntí á ndéanamh.



### Iontaofa

Bí oscailte agus trédhearcach, ag déanamh cinntí go heiticiúil agus go hionraic i gcónaí.



## Measúil

Caith le gach duine go cothromach agus le meas.



## Comhfhiosach faoi Chostais

Infheistiú a dhéanamh go stuama le cinntiú go ndéanfar luach ar airgid agus deiseanna a uasmhéadú.



## Cróga

Déan bearta cróga chun glacadh le hathruithe.



## Barr Feabhais

Ár dtallann agus scileanna a úsáid chun seirbhís thar barr a sholáthar

# 5 COMHTHÉACS AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH SEO

## 5.1 An Ról sa Phleanáil Straitéiseach

Is cáipéis straitéiseach d'ardleibhéal é Plean Corparáideach dlr a leagann amach spriocanna na Comhairle Contae don tréimhse 2020-2024. Éilíonn an reachtaíocht go n-ullmhófaí Plean Corparáideach nua i ndiaidh Comhairle nua a thoghadh. Is riachtanas reachtúil é an Plean Corparáideach 2020-2024 seo, mar sin de, i ndiaidh na toghcháin áitiúla i mí an Mheithimh 2019. Aithníonn an Plean ordlathas na bpleananna agus na reachtaíochta ó leibhéal an AE, ó na leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha, ó leibhéal an chontae agus ón leibhéal áitiúil chun an phleanáil straitéiseach a rialú don Chomhairle.

Is ionann an Plean Corparáideach seo agus an creat le haghaidh gníomhaíochta le linn shaolré an phlean agus sonraíonn sé roinnt spriocanna straitéiseacha a bhfuil sé mar aidhm ag dlr iad a bhaint amach sna cúig bliana atá romhainn. Cuirfidh an Plean feidhmíocht chun cinn i dteannta le pleananna sonracha eile atá leagtha amach ar an leathanach seo agus ar an gcéad leathanach eile. Ríomhfar an fheidhmíocht trí phleananna um sheirbhísí a sholáthar agus tuairiscí míosúla bainistíochta.

### Pleananna Sonracha

- **Plean Corparáideach 5 bliana 2020-2024**
- **Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021**
- **Clár Caipitil 2019-2021**
- **Plean Forbartha an Chontae 2016-2022**
- **Pleananna Limistéir Áitiúil (PLAanna)**
- **Scéim Phleanála Choill na Silíní**
- **Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide 2019-2024**
- **Plean Réigiúnach um Dhramhaíl a Bhainistiú 2015-2021**
- **Plean um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024**
- **Plean Straitéise agus Margaíochta don Turasóireacht 2017-2022**
- **Straitéis dlr um Áiseanna Spóirt 2017-2022**
- **Straitéis 6 bliana Chomhchoiste Póilíneachta dlr 2016-2021**
- **Plean Forbartha na Leabharlainne 2016-2022**
- **Straitéis um Iompar Frithshóisialta 2016-2022**
- **Plean Forbartha na nEalaíon 2016-2022**
- **Plean um Bainistíocht Bruscair 2018-2020**
- **Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2017-2020**
- **Plean Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath in aghaidh Torainn 2018-2023**
- **Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022**

## Pleananna agus Uasdátuithe Seachadta Leanúnaigh

- **Pleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí (pleananna mionsonraithe chun ár spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach)**
- **Pleananna Mionsonraithe Bliantúla Stiúrthóireachta**
- **Tuairiscí Míosúla Feidhmíochta**
- **Plean Iniúchóireachta**
- **Plean Soláthair**
- **Tuarascáil Bhliantúil**
- **Tuarascáil an Phlean Chorparáidigh**
- **Athbhreithniú Bliantúil an Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI)**
- **Tuarascáil na gCathaoirleach ar Choistí Beartais Straitéisigh**

## 5.2 Ag cur leis an bPlean Corparáideach Seo

### Bunús Reachtach

Ullmhaíodh an Plean Corparáideach seo de réir na reachtaíochta ábhartha. Áirítear leis sin an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 agus an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Ullmhaíodh an Plean de réir na dTreoirlínte do na hÚdaráis Áitiúla maidir le Pleananna Corparáideacha 2019-2024 a ullmhú, ar eisigh An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil iad.

### Comhairliúchán Poiblí

ARinneadh comhairliúchán cuimsitheach poiblí chun cur leis an bPlean Corparáideach seo. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí mar chuid den chomhairliúchán, bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas a tharla le linn mhí Mheán Fómhair agus mhí Dheireadh Fómhair 2019:

- Suirbhé poiblí a fuair breis agus míle freagra,
- Teagmháil agus cruinnithe leis an Earnáil Ghnó áitiúil,
- Ceardlanna leis an bPobal trí Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) dlr,
- Teagmháil le daoine óga trí Chomhairle na nÓg,
- Comhairliúchán le Comhaltaí Tofa dlr,
- Cruinnithe le foireann dlr, lena n-áirítear an fhoireann allamuigh agus an fhoireann atá lonnaithe in oifigí, chomh maith leis an bhFoireann Bainistíochta agus foirne Sinsearacha.

## Príomhfhadhbanna

Tháinig na príomhfhadhbanna seo a leanas, ar thug na spriocphobail le fios gur chóir don Chomhairle tús áite a thabhairt dóibh sna cúig bliana eile atá romhainn, chun chinn:

- Gníomhaíocht ar son na hAeráide, inbhuanaitheacht agus an comhshaol, lena n-áirítear bonneagar rothaíochta / iompar inbhuanaithe; an nádúr / an bhithéagsúlacht; spásanna glasa agus pobail a chosaint,
- An Pobal; pobail atá ann cheana a fheabhsú, cosaint sheasmhach do na glúnta atá le teacht, mórtas saoránaigh, folláine saoránach,
- Tithíocht; tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne, tithíocht éighníomhach, tithíocht ionchuimsitheach,
- Áineas, lena n-áirítear spásanna oscailte a chosaint; ionaid phobail a sholáthar; agus páirceanna agus tránna a chothabháil,
- Ár sráidbhailte a chosaint agus a fheabhsú; athchóiriú bhaile agus Chuan Dhún Laoghaire,
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt gheilleagrach sa Chontae agus í a chothú.

# 6 TÉAMAÍ

Tháinig na téamaí a leanas chun cinn mar thosaíochtaí do na chéad chúig bliana eile atá romhainn le linn ár gcomhairliúcháin ar an bPlean Corparáideach nua.



**Caighdeán na beatha a shaibhriú trí phobail bheoga, tithíocht agus saoráidí**



**Ceannaireacht i gcosaint an chomhshaoil agus i ngníomhaíocht ar son na haeráide**



**Glacadh le hathruithe agus seirbhís phoiblí den scoth a sheachadadh**



**Tacaíocht a thabhairt do gheilleagar acmhainneach áitiúil agus í a chothú**



# 7 SPRIOCANNA AGUS CUSPÓIRÍ CORPARÁIDEACHA

## 7.1 Forléargas

Is iad seo a leanas Spriocanna agus Cuspóirí Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le haghaidh 2020 go 2024:



### Sprioc Chorparáideach 1

Ceannasaíocht a léiriú maidir lenár gComhshaol á chosaint le hoideachas agus leis an mbealach a n-oibrímid.



### Sprioc Chorparáideach 2

Forbairt roghanna éagsúla tithíochta a éascú chun roghanna níos fearr a chumasú, a fheabhsaíonn caighdeán na beatha do chách.



### Sprioc Chorparáideach 3

Beatha daoine a fheabhsú le rochtain ar roghanna iompair inbhuanaithe ar fud ár líonra pobal.



### Sprioc Chorparáideach 4

Deiseanna pobail, áineasa, spóirt agus cultúir d'ardchaighdeán a sholáthar do gach duine a chónaíonn sa Chontae, a oibríonn ann agus a thugann cuairt air.

## Sprioc Chorparáideach 5

Beocht ár mbailte agus ár sráidbhailte a fheabhsú agus ár n-oidhreacht nádúrtha agus ár n-oidhreacht thógtha a chaomhnú.

## Sprioc Chorparáideach 6

Teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí chun tacaíocht a thabhairt dá láithreacht agus dá bhfás sa Chontae.

## Sprioc Chorparáideach 7

Comhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn trí Dhualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm.

## Sprioc Chorparáideach 8

Acmhainní daonna, airgeadais agus fisiciúla a bharrfheabhsú chun seirbhísí inrochtana d'ardchaighdeán a sholáthar atá dírithe ar an gcustaiméir.

# SPRIOC CHORPARÁIDEACH 1

**Ceannasaíocht a léiriú agus ár gComhshaol á chosaint le hoideachas agus leis an mbealach a n-oibrímid.**





1. Ról ceannasaíochta a ghlacadh chun dul i ngleic le tionchair an athrú aeráide agus ár gcuid oibre a dhíriú ar bhunathrú ár ngeilleagair agus ár sochaí i dtreo seasmhacht i gcoinne na haeráide, forbairt inbhuanaithe agus oideachas an phobail.

2. Plean Gníomhaithe na Comhairle Contae ar son Athrú Aeráide 2019-2024 a chur i bhfeidhm.

3. Sláinte agus folláine gach duine a chónaíonn agus a oibríonn sa Chontae a chur chun cinn.

4. Bithéagsúlacht an Chontae a chosaint trí chinntiú go mbíonn tús áite ag ár spásanna glasa agus ag ár spásanna gorma agus ag bithsféar Bhá Bhaile Átha Cliath i ngníomhaíochtaí forbartha.

5. Feabhas leanúnach a chur ár bhFeidhmíocht Fuinnimh agus ar ár gCóras um Bainistíocht Fuinnimh ISO50001.

6. Pleanáil le haghaidh todhchaí fhadtéarmach an Chontae trí fhoirgnimh deartha de réir ‘creatlach chun tosaigh’ a roghnú.

7. Prionsabail ísealfhuinnimh a mholadh san fhuinneamh a bhfuil tionchar againn air.

8. Cur le spiorad láidir an phobail trí dhaoine a chumasú a bpáirt a ghlacadh i gcinntiú go bhfuil na sráideanna glan agus neata agus go bhfuil spásanna glasa i ndea-riocht.

9. Tuilte a íoslaghdú ar fud an Chontae agus obair a dhéanamh leis an OOP chun moltaí na bPleananna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte a chur i bhfeidhm.

10. Leanúint ar aghaidh ag obair le hUisce Éireann chun stádas maith uisce a choimeád agus riachtanais na Creat-Treorach Uisce (CTU) a bhaint amach, lena n-áirítear caighdeán an uisce snámha.

11. An Plean Réigiúnach um Dhramhaíl a Bhainistiú 2015-2021 a chur i bhfeidhm.

12. Monatóireacht a dhéanamh ar rialacháin Chomhshaoil agus Dramhaíola, agus iad a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, an Plean um Bruscar a Bhainistiú agus seirbhísí na Maor Bruscair.

# SPRIOC CHORPARÁIDEACH 2

**Forbairt roghanna éagsúla tithíochta a éascú chun roghanna níos fearr a chumasú, a fheabhsóidh caighdeán na beatha do chách.**







1. Obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, An Ghníomhaireacht Tithíochta, An Ghníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) agus eagraíochtaí deonacha agus an earnáil cíosa phríobháidigh chun an soláthar tithíochta a mhéadú.

2. Seachadadh tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne a fheabhsú chun teacht le héilimh tithíochta mhuintir an Chontae, ag díriú ar sheachadadh athnuaite tithe slána tógtha ag an gComhairle.

3. Bonneagar agus seirbhísí cumasaithe a sholáthar in éineacht le príomhpháirtithe leasmhara chun tacaíocht a thabhairt do thithe nua agus chun pobail agus áiteanna nua a chruthú.

4. Mórshuíomhanna um Thithíocht Uirbeach a Sholáthar a sheachadadh.

5. Cuspóirí Scéim Phleanála Chrios Forbartha Straitéisí (CFS) Choill na Silíní a chur i bhfeidhm.

6. Gach gné den Chiste Forbartha um Athchóiriú Uirbeach (CFAU) a chur chun cinn.

7. An Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBASTG) a chur chun cinn.

8. Forbraíochtaí nua a lonnú i sráidbhailte agus i mbailte atá ann cheana chun pobail ionchuimsitheacha inbhuanaithe atá níos láidre a chumasú.

9. Tithe inoiriúnaithe, ísealfhuinnimh, inbhuanaithe, ar feadh an tsaoil a dhearadh agus a thógáil ar an gcaighdeán is airde.

10. Rochtain ar roghanna tithíochta do sheanóirí go sonrach a éascú.

11. Seirbhísí do dhaoine gan dídean a sheachadadh leis an bhFeidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath.

12. Seachadadh tithíochta inbhuanaithe, inmharthana agus inacmhainne a sholáthar de réir Bheartas an Rialtais.

13. Plean um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024 a chur i bhfeidhm.

14. An tithíocht shóisialta atá ann cheana a bhainistiú go héifeachtúil agus tithe atá ann cheana a aisfheistiú ar an gcaighdeán is airde.


15. Seirbhísí éifeachtúil agus éifeachtach um leithdháileadh, measúnuithe tithíochta agus bhainistíocht tionóntaí a sholáthar.

16. Stoc na tithíochta sóisialta ar leis an gComhairle nó le Comhlacht Ceadaithe é a mhéadú go suntasach sa Chontae.

# SPRIOC CHORPARÁIDEACH 3

**Beatha daoine a fheabhsú le rochtain ar roghanna iompair inbhuanaithe ar fud ár líonra pobal.**





1. Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt dlr amach anseo mar áit iontach chun cónaí ann, chun oibriú ann, agus chun cuairt a thabhairt air trí oibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta chun fáil réidh le heasnaimh bhonneagair sa Chontae.

2. Tionscadail straitéiseacha iompair a éascú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta iompair, e.g. tacaíocht a thabhairt do sheachadadh Bus Connects leis an NTA.

3. Gnéith iompair de Chlár Caipitil an Chontae a sheachadadh de réir bheartas an Rialtais.

4. Leanúint ar aghaidh ag éascú roghanna iompair inbhuanaithe do choisíocht, do rothaíocht agus d'iompar poiblí.

5. An Plean cúig bliana um Shábháilteacht ar Bhóithre a sholáthar.

6. Leanúint ar aghaidh ag feabhsú líonra bóithre an Chontae, lena n-áirítear líonraí do choisithe agus líonraí rothaíochta, ar mhaithe le gluaiseacht shábháilte agus éifeachtúil gach duine a úsáideann bóithre i slí inbhuanaithe.

7. Níos mó béime a chinntiú ar iompar poiblí, ar rothaíocht, ar choisíocht agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas.

8. Tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí agus do phobail áitiúla trí athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis an Chontae um pháirceáil a rialú agus trí teicneolaíocht nua a chur i bhfeidhm chun rochtain ar pháirceáil i mórionaid tráchtála a éascú.

9. Cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae, cuspóirí na bPleananna Limistéir Áitiúil agus cuspóirí Scéim Phleanála Choill na Silíní a chur i bhfeidhm.

10. Leanúint ar aghaidh ag spreagadh úsáid feithiclí leictreacha (FL) trí chomhoibriú le comhlachtaí fóntais tuilleadh pointí luchtaithe FL agus tuilleadh spásanna páirceála FL a sholáthar.

# SPRIOC CHORPARÁIDEACH 4

**Deiseanna pobail, áineasa, spóirt agus cultúir d'ardchaighdeán a sholáthar do gach duine a chónaíonn sa Chontae, a oibríonn ann agus a  thugann cuairt air.**







1. Tacaíocht a thabhairt do phobail shábháilte shlána agus iad a chur chun cinn, chomh maith le forbairt leanúnach an Chomhchiste Póilíneachta.

2. Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt pobail inbhuanaithe, ionchuimsitheacha, cumasaithe a éascaíonn folláine shóisialta, chultúrtha, eacanamaíochta ár saoránach uile.

3. Daoine fásta, ógánaigh agus páistí a nascadh agus a chumasú trí sheirbhís leabharlainne, ealaíon agus cultúir a spreagann smaointe agus a thugann tacaíocht do chumas an phobail a fhorbairt go leanúnach.

4. Spásanna glasa a chur ar fáil idir sráidbhailte agus bailte beoga chun tacaíocht a thabhairt do phobail láidre atá inrochtana agus sábháilte do chách, lena n-áirítear rothaithe agus coisithe.

5. Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag cur máistirphleananna cuí, inbhuanaithe, atá éifeachtach ó thaobh costais de, i bhfeidhm do pháirceanna agus do spásanna oscailte.

6. Spásanna oscailte agus áiseanna fóillíochta d'ardchaighdeán atá glan, sábháilte, inrochtana agus ionchuimisitheach do chách, a chur ar fáil do gach réimse spéise.

7. Contae sláintiúil a chur chun cinn trí dheiseanna a thabhairt do shaoránaigh agus do phobail folláine mhaith coirp, chomh maith le dea-mheabharshláinte agus folláine, a bhaint amach trí rochtain a chur ar fáil ar áiseanna fóillíochta agus áineasa, tránna glana ar ardchaighdeán, páirceanna, páirceanna imeartha agus ionaid spóirt faoi dhíon.

8. Tacaíocht a thabhairt do thurasóireacht sa chontae trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil do chuairteoirí, lena n-áirítear Margaí na CoCo, Ceolchoirmeacha, Féilte agus Imeachtaí Spóirt.

9. A chinntiú go gcuireann gníomhaíochtaí agus tionscnaimh dlr an Ghaeilge agus an t-ilchultúrachas chun cinn, agus go bhfuil siad ionchuimsitheach go sóisialta.

10. Cuir le caighdeán beatha gach duine tríd an gcomhoibriú, tríd an obair idirghníomhaireachta a chur chun cinn agus trí theagmháil a dhéanamh le pobail agus le páirtithe leasmhara.

11. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Choiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus é a neartú, agus tacaíocht a thabhairt don Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP).

12. Tacaíocht a thabhairt do rannpháirteachas an phobail, saorálaíochas agus saoránacht ghníomhach trí scileanna, eolas agus eispéireas an phobail a fhorbairt le bheith iomlán rannpháirteach leis an gComhairle.

13. Cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae, cuspóirí na bPleananna Limistéir Áitiúil agus cuspóirí Scéim Phleanála Choill na Silíní a chur i bhfeidhm.

14. Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí a fheabhsaíonn caighdeán na beatha sa Chontae.

15. Leanúint ar aghaidh ag cur gné an phobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PAEP) 2016-2021 i bhfeidhm agus PAEP nua do 2022-2028 a fhorbairt.

# SPRIOC CHORPARÁIDEACH 5

**Beocht ár mbailte agus ár sráidbhailte a fheabhsú agus ár n-oidhreacht nádúrtha agus ár n-oidhreacht thógtha a chaomhnú.**





1. Ár n-oidhreacht thógtha, ár n-oidhreacht nádúrtha agus sainiúlacht láidir an Chontae "Ó na Sléibhte go dtí an Fharraige" chosaint agus a chaomhnú.
2. Pobail shláintiúla chomh maith le hómós fiúntach áite a chinntiú agus ár n-oidhreacht thógtha agus ár n-oidhreacht nádúrtha á gcosaint chun cur ar chumas ár sráidbhailte bheith faoi bhláth.
3. Cur chuige gníomhach a ghlacadh agus tús áite á thabhairt do thalamh poiblí le haghaidh úsáid fhadtéarmach.
4. Oidhreacht an Chontae a shaibhriú trí bheith chun tosaigh le dearadh agus le héifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh an Chontae, lena n-áirítear tithíocht, áiseanna fóillíochta agus oifigí.
5. Tús áite a thabhairt do nascacht agus d'inbhuanaitheacht i gcúrsaí dearaidh agus pleanála don Chontae.
6. Réimse phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar agus a chothabháil.
7. Tús áite a thabhairt do rochtain chomthrom do gach saoránach ar sheirbhísí agus ar áiseanna agus cinntí á ndéanamh ar chúrsaí pleanála agus forbartha.
8. A chinntiú go leanfaidh Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar aghaidh ag forbairt Contae atá oiriúnach do gach aoisghrúpa, áit a dtacaítear le daoine breacaosta, le cláir inrochtana agus i gcúrsaí dearaidh agus pleanála.
9. Plean nua Forbartha an Chontae (2022-2028) a fhorbairt.
10. A chinntiú go bhfuil gach foirgneamh agus áit sábháilte agus ar ardchaighdeán trí na rialacháin rialaithe foirgníochta agus an reachtaíocht um fhoirgnimh chontúirteacha a chur i bhfeidhm.
11. Cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae, cuspóirí na bPleananna Limistéir Áitiúil agus cuspóirí Scéim Phleanála Choill na Silíní a chur i bhfeidhm.
12. Cuspóirí straitéiseacha an Rialtas lárnaigh don Chontae seo a bhaint amach trí obair a dhéanamh le gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla chun fáil réidh le heasnaimh bhonneagair.
13. Scéim réamhghníomhach agus gníomhartha réamhghníomhacha a chur i bhfeidhm chun faillí a sheachaint.

# SPRIOC CHORPARÁIDEACH 6

**Teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí chun tacaíocht a thabhairt dá láithreacht agus dá bhfás sa Chontae.**





1. Tacaíocht a thabhairt d'fhás agus d'fhorbairt gnólachtaí áitiúla chun geilleagar beoga, seasmhach a spreagadh.

2. Cur chuige nuálach a ghlacadh agus tacaíochtaí á soláthar do ghnólachtaí agus d'fhiontraithe chun an geilleagar áitiúil a fhás agus chun áit mhealltach a dhéanamh den Chontae seo d'infheistíocht a dhéanamh.

3. Fostaíocht Cheantar Gnó Áth an Ghainimh (CGAG) a uasmhéadú trí bhonneagar agus seirbhísí cumasaithe a sholáthar agus teagmháil ghníomhach a dhéanamh le CGAG.

4. Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do ghnólachta beaga meánmhéide le scéimeanna deontais.

5. Comhoibriú le gach páirtí leasmhar agus an Contae á chur chun cinn mar cheann scríbe do thurasóirí.fTeagmháil fhiúntach a dhéanamh le gach páirtí leasmhar chun plean eacnamaíochta a fhorbairt chun todhchaí bhaile agus chuan Dhún Laoghaire a chinntiú agus a dhaingniú.

6. Engage with all stakeholders in a meaningful manner in developing an economic plan to secure and consolidate the future of Dún Laoghaire town and harbour.

7. Ceannasaíocht a sholáthar chomh maith le cúnamh a thabhairt agus ullmhúchán á dhéanamh do thionchar Brexit.

8. Obair a dhéanamh le Smart Dublin chun teagmháil a dhéanamh le soláthraithe teicneolaíochta, taighdeoirí agus saoránaigh chun ár seirbhísí agus caighdeán na beatha a fheabhsú i slí fhreagrach.

# SPRIOC CHORPARÁIDEACH 7

**Comhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn trí Dhualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm.**







1. Deireadh a chur le leithcheal, cearta daonna a chosaint agus comhionannas maidir le deiseanna a chur chun cinn trí Dhualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm.

2. Grúpa Tras-Ranna a fhorbairt chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Dhualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí.

3. Céim a haon a chur i bhfeidhm - Measúnú a dhéanamh ar na príomhfhadhbanna comhionannais agus cearta daonna do dhaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh agus dár bhfoireann. Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus ar thionscnamh atá ann cheana chun tacaíocht a thabhairt do chearta daonna agus do chomhionannas. Na príomhfhadhbanna a bhfuil beart le déanamh ina leith a aithint.

4. Dul ar aghaidh go céim a dó – Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna comhionannais agus cearta daonna a aithníodh i gcéim a haon chun beart a dhéanamh.

5. Dul ar aghaidh go céim a trí – Tuairisc a thabhairt ar fhorbairt agus ar éachtaí a thagann aníos ó chur i bhfeidhm an dualgais.

6. Tuiscint agus acmhainn a neartú agus a fhorbairt chun cuspóirí Dhualgas na hEarnála Poiblí a bhaint amach in eagraíochtaí rialtais, pobail agus deonacha.

7. Seirbhísí agus faisnéis na Comhairle a chur ar fáil i slí inrochtana agus inacmhainne do chách.

8. A chinntiú go bhfuil ionchuimsiú sóisialta, comhionannas agus inrochtaineacht ag croílár ár seirbhísí, ár ngníomhaíochtaí agus ár n-imeachtaí chun tacaíocht a thabhairt dár ngeilleagar beoga agus dár bpobal láidir, do dhaoine ar gach aois.

9. Rochtain a sholáthar ar chinnteoireacht na Comhairle trí chomhairliúchán poiblí atá inrochtana agus fiúntach.

# SPRIOC CHORPARÁIDEACH 8

**Acmhainní daonna, airgeadais agus fisiciúla a bharrfheabhsú chun seirbhísí inrochtana d'ardchaighdeán a sholáthar atá dírithe ar shaoránaigh agus ar an gcustaiméir.**






1. Tacaíocht a thabhairt do Chomhairleoirí ina róil bheartais agus ionadaíocha trí seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don GBC, na CBS agus ag cruinnithe na Comhairle, oiliúint na gComhaltaí agus trí úsáid na gcóras TFC a uasmhéadú.
2. Feidhm láidir inmheánach iniúchóireachta a sholáthar agus tacú le hiniúchóir an Rialtais Áitiúil agus leis an gCoiste Iniúchóireachta ag an am céanna.
3. Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar ár gCóras um Bainistíocht ar Chaidrimh le Custaiméirí (CBCC) agus é a fhorbairt, agus custaiméirí a choinneáil ag an gcroílár agus seirbhísí á seachadadh i modh pras agus dearfach.
4. Iarracht a dhéanamh feabhas leanúnach a chur ár n-acmhainn agus ar ár n-ardáin cumarsáide agus iad a leathnú, go seachtrach agus go hinmheánach, lena n-áirítear úsáid agus feidhmíocht chuí TFC chun seirbhísí éifeachtúla a sheachadadh.
5. Láithreáin gréasáin na Comhairle a fhorbairt chun dea-chleachtas a bhaint amach maidir le cumais inrochtaineachta agus teanga.
6. Straitéis Cumarsáide 2021-2025 agus Scéim na Gaeilge 2022-2026 de chuid na Comhairle a sheachadadh agus a chur i bhfeidhm.
7. Bailiú ioncaim a uasmhéadú agus próisis láidre airgeadais a chinntiú chun an staid airgeadais a chosaint.
8. Feidhmíocht chorparáideach a fheabhsú go leanúnach, ag léiriú trédhearcachta agus cuntasachta.
9. A chinntiú go bhfuil Polasaí um Bainistíocht Riosca agus an clár riosca i bhfeidhm agus go ndéanfaí athbhreithniú agus uasdátú leanúnach orthu, d'fhonn an eagraíocht a chosaint maidir le cúrsaí airgeadais agus cáile.
10. An Plean Corparáideach Soláthair a chur i bhfeidhm le cinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht, fad is a bhaintear seirbhísí ar ardchaighdeán agus an luach ceart airgid amach.
11. A chinntiú go ndéantar bainistíocht agus cothabháil éifeachtúil ar Eastát, Acmhainní agus Punann Corparáideach dlr.
12. Straitéis AD a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm Straitéis an Údaráis Áitiúil don Phobal a éascú le teagmháil le foirne agus rannpháirtíocht AD.
13. Tacaíocht a thabhairt d'earcú, d'fhorbairt agus do chumasú lucht saothair spreagtha agus ardfheidhmiúil a bhfuil na scileanna agus an tsolúbthacht aige chun ár spriocanna corparáideacha a bhaint amach.
14. An Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (CFBF) agus an Creat Inniúlachta a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.
15. Straitéis Chlaochlaithe Digitigh dlr a chur i bhfeidhm.
16. Timpeallacht oibre a chruthú a spreagann an fhoireann bheith bródúil as a cuid oibre agus taitneamh a bhaint aisti, agus spriocanna straitéiseacha na Comhairle a bhaint amach.

# 8 CUR I bhFEIDHM AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH

**Beartaíodh an Plean seo de réir an chreata reachtúil rialála agus de réir beartais eile náisiúnta agus réigiúnacha agus beartas de chuid an AE, agus ag féachaint do riachtanais An Coimisiún um Chearta an Duine in Éirinn.**

## 8.1 Comhaltaí Tofa

Is é príomhról na gComhaltaí Tofa agus an Plean Corparáideach á chur i bhfeidhm ná é a ghlacadh mar chuid dá bhfeidhmeanna Forchoimeádta agus tuairiscí míosúla bainistíochta a fháil. Ina theannta sin, cuireann na socrúcháin tuairiscithe atá i bhfeidhm Comhaltaí ar an eolas mar gheall ar an gcur chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna agus na cuspóirí.

Féach liosta de na Comhaltaí Tofa agus an dáilcheantar a bhfuil siad ina n-ionadaithe air in Aguisín A.

## 8.2 Bainistíocht agus Foireann

Fostaíonn dlr 1,109 duine atá freagrach as an bPlean Corparáideach a chur i bhfeidhm.

Forbróidh gach réimse fheidhmiúil Pleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí a thiocfaidh leis an mBuiséad Bliantúil agus, sa Phlean Corparáideach, beidh plean mionsonraithe gníomhaíochta, a chinnteoidh ar an mbealach sin go mbeidh tuairisciú soiléir cruinn á dhéanamh faoin méid a bheidh spriocanna agus cuspóirí bainte amach. Tuairisceofar dul chun cinn ar na Pleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí chuig an gComhairle le Tuairiscí Bainistíochta gach mí agus gach ráithe.

### 8.2.1 Foireann Bainistíochta

Stiúrann Foireann Bainistíochta, a bhfuil an Príomhfheidhmeannach i gceannas uirthi, ár bhfoireann.



**Philomena Poole**
Príomhfheidhmeannach



**Mary T. Daly**
Stiúrthóir Cúrsaí Corparáideacha



**Therese Langan**
Stiúrthóir Sealadach na Seirbhíse



**Michael Mangan**
Stiúrthóir Sealadach Bonneagair agus Athrú Aeráide



**Helena Cunningham**
Stiúrthóir Airgeadais agus Forbairt



**Andrée Dargan**
Ailtire an Chontae



**Mary Henchy**
Stiúrthóir Pleanála



**John Healy**
Gníomhaire Dlí an Chontae



**Catherine Keenan**
Stiúrthóir Tithíochta



**Dearbhla Lawson**
Stiúrthóir na Forbartha Pobail agus Cultúir



**Anne Devine**
Stiúrthóir um Bonneagar a Phleanáil Chun Cinn



**Tom McHugh**
Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir na Seirbhísí Cathartha

# 9 SEACHADADH AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH A MHEAS

## 9.1 Tuairiscí na Comhairle

Déanann an Chomhairle éifeachtacht an dul chun cinn maidir le spriocanna agus cuspóirí ár bPlean Chorparáidigh a chur i bhfeidhm a mheas agus a mheasúnú go leanúnach. Soláthraíonn na doiciméid seo a leanas tomhas leanúnach:

1. Pleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí
2. Ráiteas Bliantúil ar Chuspóirí Feidhmíochta
3. Tuairiscí Bainistíochta Míosúla agus Ráithiúla do na Comhaltaí Tofa
4. Buiséad Bliantúil
5. Tuarascáil Bhliantúil
6. Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta
7. Ráiteas Bliantúil Airgeadais
8. Tuarascáil Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil.

Tá an Plean Corparáideach nasctha le próiseas na Comhairle um riosca a bhainistiú chomh maith, a ndéantar tuairisciú air chuig an gCoiste Iniúchóireachta ar bhonn leanúnach.

Críochnóidh an próiseas bliantúil gach bliain le tuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn ina leagfar amach éachtaí na bliana sin agus tuairisc ar an tionchar a bhíonn ag na hacmhainní a bhíonn ar fáil – acmhainní airgeadais, daonna agus teicneolaíochta – ar dhul chun cinn a dhéanamh ar spriocanna agus ar chuspóirí. Déanfaidh na Comhaltaí Tofa athbhreithniú ar an dul chun cinn sin mar chuid de phróiseas an Bhuiséid Bhliantúil don bhliain dar gcionn agus mar chuid d'fhorbairt na tuarascála bliantúla chomh maith.

Déanann an Grúpa Beartais Chorparáidigh athbhreithniú ar an bPlean Corparáideach maidir le haon athrú ar chuinsí agus ag féachaint d'aon mholadh arna dhéanamh ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI).

## 9.2 An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI)

Déanann CNMI, ar comhlacht neamhspleách é, monatóireacht ar ár bPlean Corparáideach agus déanann sé measúnú ar an tslí a gcuirtear i bhfeidhm é agus tugann sé moltaí ar bhonn bliantúil.

I measc na moltaí atá déanta ag CNMI, tá na rudaí seo a leanas:

- Laghdú 40% (10% níos airde ná sprioc na hEarnála Poiblí) ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030 mar chuid dár ngealltanas de réir Chúnant idirnáisiúnta na Méaraí
- Cur leis an iarracht réigiún atá seasmhach i dtaobh na haeráide a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath trí thionchair imeachtaí a bhainfidh leis an athrú aeráide amach anseo a laghdú
- Cur chuige soláthair ghlais a sheachadadh a chuimsíonn praghsáil charbóin, costáil saolré agus critéir na haeráide i dtairiscintí poiblí
- Teagmháil ghníomhach a dhéanamh le saoránaigh agus iad a chur an eolas faoin athrú aeráide
- Ár gcaighdeán idirnáisiúnta ISO50001 maidir le bainistíocht éifeachtúil fuinnimh a choinneáil

## 9.3 Tomhais reatha bunlíne (Samhain 2019)

Áireofar leis na Pleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí do gach Stiúrthóireacht bunleibhéil chothrom le dáta um sholáthar seirbhísí agus spriocanna don fheidhmíocht sa todhchaí. Tiocfaidh siad sin leis na táscairí feidhmíochta maidir le seirbhísí a leagann an CNMI amach.

Féach Aguisín B do na táscairí feidhmíochta reatha maidir le seirbhísí a n-úsáideann an Chomhairle chun a feidhmíocht a mheas.

## 9.4 Comhaontuithe Seirbhíse (CSanna)

Beidh CSanna ag dlr le heagraíochtaí chun roinnt dár dtascanna a sheachadadh ar ár son. I measc na samplaí den chineál oibre a mbíonn CSanna againn ina leith, tá oibriú ár n-áiseanna fóillíochta trí Fhóillíocht dlr agus bainistíocht ár n-uisce thar ceann Uisce Éireann. Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTF) i ngach CS idir dlr agus conraitheoir, i gcomhréir lenár spriocanna agus cuspóirí corparáideacha, a n-úsáidimid chun éifeachtacht na seirbhíse atá á soláthar a mheas.

# AGUISÍNÍ

## Aguisín A: Toghlimistéir Áitiúla agus Comhaltaí na Comhairle 2019

### DÚN DROMA



AN CLR. **SHAY BRENNAN** FF
AN CATHAOIRLEACH
f/ch Oifig an Chathaoirligh, Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 829 0570
**RÍOMHPHOST:** sbrennan@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR. **ANNE COLGAN** NSP
30 Plásóg na Fuinseoige, Bóthar Bhaile an tSaoir
**FÓN PÓCA:** 087 245 4202
**RÍOMHPHOST:** acolgan@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR. **DANIEL DUNNE** CG
126 Páirc na Cluana, Baile an Teampaill
**FÓN PÓCA:** 087 115 4468
**RÍOMHPHOST:** ddunne@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR. **ANNA GRAINGER** FG
18 An Tobar Naofa, Bóthar Chill Mochuda Uachtarach
**FÓN PÓCA:** 087 282 5511
**RÍOMHPHOST:** agrainger@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR. **SEAN McLOUGHLIN** NSP
49A Céide an Átha Leathain, Baile an tSaoir, BÁC 16
**FÓN PÓCA:** 087 741 1638
**RÍOMHPHOST:** smcloughlin@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR **PETER O'BRIEN** LO
23 Plásóga Cluain Ard, Bóthar Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 461 1638
**RÍOMHPHOST:** pobrien@cllr.dlrcoco.ie




AN CLR **JIM O'LEARY** FG
48 Gleann na Páirce, Bóthar Áth an Ghainimh, Dún Droma
**FÓN PÓCA:** 086 818 6732
**RÍOMHPHOST:** joleary@cllr.dlrcoco.ie

### GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH



AN CLR **KAZI AHMED** FG
Cnoc na Spideoige, Bóthar Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 031 3448
**RÍOMHPHOST:** kahmed@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR **EMMA BLAIN** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 715 2786
**RÍOMHPHOST:** eblain@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR **MICHAEL FLEMING** NSP
6 Lána na Céime, Sráidbhaile na Céime
**FÓN PÓCA:** 086 020 1665
**RÍOMHPHOST:** mfleming@cllr.dlrcoco.ie




AN CLR **LETTIE McCARTHY** LO
23 Arda Chill Ghobáin, An Chéim
**FÓN PÓCA:** 086 818 6718
**RÍOMHPHOST:** lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR **LYNSEY McGOVERN** NSP
49 Bóthar Raghnallach, Raghnallach
**FÓN PÓCA:** 086 461 1634
**RÍOMHPHOST:** lmcgovern@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR **TOM MURPHY** FF
Barr na Coille, Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 781 4515
**RÍOMHPHOST:** tmurphy@cllr.dlrcoco.ie



AN CLR **DEIRDRE NÍ FHLOINN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 606 5648
**RÍOMHPHOST:** dnifhloinn@cllr.dlrcoco.ie

## STIGH LORGAN

AN CLR **DEIRDRE NELLY** NSP
AN LEASCHATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1625
**RÍOMHPHOST:** donnelly@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR. **EVA ELIZABETH DOWLING** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 083 149 6045
**RÍOMHPHOST:** edowling@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JOHN KENNEDY** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 772 0794
**RÍOMHPHOST:** jkennedy@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MAEVE O'CONNELL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 851 6936
**RÍOMHPHOST:** moconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **BARRY SAUL** FG
3 Bóthar Mather Thuaidh, Cnoc Mhuirfean
**FÓN PÓCA:** 086 781 4517
**RÍOMHPHOST:** bsaul@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DÓNAL SMITH** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 193 6483
**RÍOMHPHOST:** dsmith@cllr.dlrcoco.ie

## AN CHARRAIG DHUBH

AN CLR **MARIE BAKER** FG
38 Plásóg Avondale, An Charraig Dhubh
**FÓN PÓCA:** 086 818 6704
**RÍOMHPHOST:** mbaker@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **KATE FEENEY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1627
**RÍOMHPHOST:** kfeeney@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MARY HANAFIN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 085 120 2121
**RÍOMHPHOST:** mhanafin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DEIRDRE KINGSTON** LO
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 234 0409
**RÍOMHPHOST:** dkingston@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **SÉAFRA Ó FAOLÁIN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 908 1058
**RÍOMHPHOST:** sofaolain@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **BARRY WARD** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 085 157 8000
**RÍOMHPHOST:** bward@cllr.dlrcoco.ie

## DÚN LAOGHAIRE

AN CLR **CORMAC DEVLIN** FF
Oifig Fhianna Fáil, f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**OIFIG:** 01 275 0786
**RÍOMHPHOST:** cdevlin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MARY FAYNE** FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086 461 1626
**RÍOMHPHOST:** mfayne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LORRAINE HALL** FG
71 Ascaill Roseland, Cualanor, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 790 5555
**RÍOMHPHOST:** lhall@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MELISA HALPIN** PRB
f/ch 13 Sráid Sheoirse Íochtarach, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 380 5793
**RÍOMHPHOST:** mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **JULIET O'CONNELL** LO
59 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 270 7745
**RÍOMHPHOST:** joconnell@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DAVE QUINN** DS
20 Ardán an Longfoirt, Baile na Manach
**FÓN PÓCA:** 087 247 3448
**RÍOMHPHOST:** dquinn@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **OSSIAN SMYTH** CG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1628
**RÍOMHPHOST:** osmyth@cllr.dlrcoco.ie

## CILL INÍON LÉININ-SEANCHILL

AN CLR **JENNIFER CARROLL MACNEILL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 925 -7559
**RÍOMHPHOST:** jcarrollmacneill@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **MICHAEL CLARK** FF
Oifig Fhianna Fáil, f/ch Halla an Chontae dlr, Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 109 4032
**RÍOMHPHOST:** mclark@cllr.dlrcoco.ie


AN CLR **JIM GILDEA** FG
Mullach na Sí, Bóthar Bhré, Seanchilll
**FÓN PÓCA:** 086 813 1456
**RÍOMHPHOST:** jgildea@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **HUGH LEWIS** PRB
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige, An Baile Breac
**FÓN PÓCA:** 086 781 4523
**RÍOMHPHOST:** hlewis@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DENIS O'CALLAGHAN** LO
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 278 5609
**RÍOMHPHOST:** denisoc@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **UNA POWER** CG
f/ch An Comhaontas Glas, 16/17 Sráid Suffolk, Baile Átha Cliath 2
**FÓN PÓCA:** 087 386 1048
**RÍOMHPHOST:** unapower@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **CARRIE SMYTH** LO
Inislachan, Bóthar Ghort na Mara, Cill Iníon Léinín
**FÓN PÓCA:** 086 383 5051
**RÍOMHPHOST:** carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie



# Aguisín B: Táscairí Feidhmíochta an CNMI maidir le Seirbhísí Údarás Áitiúil

Táscairí Feidhmíochta Reatha (2018) maidir le Seirbhísí Údarás Áitiúil

| Cuid 1: TITHÍOCHT | |
|---|---|
| T1 Soláthar Tithíochta | A. Líon na dtithe faoi úinéireacht an ÚA amhail an 01/01/2018 |
| T1 Soláthar Tithíochta | B. Líon na n-áitreabh a cuireadh leis an soláthar faoi úinéireacht an ÚA le linn 2018 (idir iad a tógadh agus iad a fuarthas) |
| T1 Soláthar Tithíochta | C. Líon na n-áitreabh ÚA a díoladh in 2018 |
| T1 Soláthar Tithíochta | D. Líon na n-áitreabh faoi úinéireacht an ÚA a leagadh in 2018 |
| T1 Soláthar Tithíochta | E. Líon na n-áitreabh faoi úinéireacht an ÚA amhail an 31/12/2018 |
| T1 Soláthar Tithíochta | F. Líon na n-áitreabh faoi úinéireacht an ÚA le leagadh de réir na scéime faofa ag an R/TPRA |
| T2 Folúntais Tithíochta | % de líon iomlán na n-áitreabh faoi úinéireacht an ÚA a bhí folamh ar an 31/12/2018 |
| T3 Am agus costas meánach chun athligean ar cíos | A. An t-am idir dáta fágtha áitribh agus an dáta in 2018 a ndeachaigh tionóntaí isteach san áitreabh arís, agus an meán faighte ar gach áitreabh a athligeadh ar cíos le linn 2018 (seachtainí) |
| T3 Am agus costas meánach chun athligean ar cíos | B. An costas a caitheadh ar thionóntaí a chur sna háitribh arís in 2018, agus an meán faighte ar gach áitreabh a athligeadh ar cíos in 2018 (€) |
| T4 Costas Cothabhála Tithíochta | A. Caiteachas le linn 2018 ar chothabháil thithíocht an ÚA ó 01/01/2018-31/12/2018 roinnte ar líon na n-áitreabh i soláthar an ÚA ar an 31/12/2018, i.e. T-T1F |
| T5 Iniúchtaí ar an earnáil phríobháideach chíosa | A. Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe i gceantar an ÚA ag deireadh mhí an Mheithimh 2018 |
| T5 Iniúchtaí ar an earnáil phríobháideach chíosa | B. Líon na n-áitreabh ar cíos ar rinneadh iniúchadh orthu in 2018 |
| T5 Iniúchtaí ar an earnáil phríobháideach chíosa | C % na n-áitreabh ar rinneadh iniúchadh orthu in 2018 nár tháinig le Rialacháin Caighdeánacha |
| T5 Iniúchtaí ar an earnáil phríobháideach chíosa | D. Líon na n-áitreabh neamhchomhlíontach a bhí comhlíontach in 2018 |
| T6 Daoine fásta gan dídean go fadtéarmach | A. Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach mar % de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh 2018 |
| T6 Daoine fásta gan dídean go fadtéarmach | Líon na ndaoine fásta rangaithe mar dhaoine gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála ar oíche an 31/12/2018 mar a cláraíodh ar an gcóras PASS |

| Cuid 2: BÓITHRE | |
|---|---|
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | A (a) % na mbóithre réigiúnacha a fuair rátáil IBD sa tréimhse 24 mí go dtí an 31/12/2018 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | A (b) % na bpríomhbhóithre áitiúla a fuair rátáil IBD sa tréimhe 24 mí go dtí an 31/12/2018 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | A (c) % na mbóithre áitiúla den dara grád a fuair rátáil IBD sa tréimhe 24 mí go dtí an 31/12/2018 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | A (d) % na mbóithre treasacha áitiúla a fuair rátáil IBDC sa tréimhe 60 mí go dtí an 31/12/2018 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (a) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre réigiúnacha ag a bhfuil rátáil IBD 1-4 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (a) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre réigiúnacha ag a bhfuil rátáil IBD 5-6 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (a) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre réigiúnacha ag a bhfuil rátáil IBD 7-8 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (a) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre réigiúnacha ag a bhfuil rátáil IBD 9-10 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (b) % d'iomlán na gcilliméadar de phríomhbhóithre áitiúla ag a bhfuil rátáil IBD 1-4 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (b) % d'iomlán na gcilliméadar de phríomhbhóithre áitiúla ag a bhfuil rátáil IBD 5-6 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (b) % d'iomlán na gcilliméadar de phríomhbhóithre áitiúla ag a bhfuil rátáil IBD 7-8 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (b) % d'iomlán na gcilliméadar de phríomhbhóithre áitiúla ag a bhfuil rátáil IBD 9-10 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (c) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre áitiúla den dara grád ag a bhfuil rátáil IBD 1-4 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (c) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre áitiúla den dara grád ag a bhfuil rátáil IBD 5-6 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (c) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre áitiúla den dara grád ag a bhfuil rátáil IBD 7-8 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (c) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre áitiúla den dara grád ag a bhfuil rátáil IBD 1-10 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (d) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre áitiúla den tríú grád ag a bhfuil rátáil IBD 1-4 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (d) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre áitiúla den tríú grád ag a bhfuil rátáil IBD 5-6 |
| B1 Rátálacha innéacs baile dromchla (IBD) | B (d) % d'iomlán na gcilliméadar de bhóithre áitiúla den tríú grád ag a bhfuil rátáil IBD 9-10 |
| B2 Oibreacha Deontais ar Bhóithre Réigiúnacha | A: Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le linn 2018 |
| B2 Oibreacha Deontais ar Bhóithre Réigiúnacha | A: An méid a caitheadh ar neartú bóithre réigiúnacha le linn 2018 (€) |
| B2 Oibreacha Deontais ar Bhóithre Réigiúnacha | B: Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh le linn 2018 |
| B2 Oibreacha Deontais ar Bhóithre Réigiúnacha | B: An méid a caitheadh ar athshéalú bóithre réigiúnacha le linn 2018 (€) |
| B2 Oibreacha Deontais ar Bhóithre Réigiúnacha | C: Ciliméadair de bhóithre áitiúla (i.e. líon na bpríomhbhóithre, na mbóithre den dara grád agus na mbóithre den tríú grád) a neartaíodh le linn 2018 |
| B2 Oibreacha Deontais ar Bhóithre Réigiúnacha | C: An méid a caitheadh ar neartú bóithre áitiúla (i.e. líon na bpríomhbhóithre, na mbóithre den dara grád agus na mbóithre den tríú grád) le linn 2018 (€) |
| B2 Oibreacha Deontais ar Bhóithre Réigiúnacha | D: Ciliméadair de bhóithre áitiúla a athshéalaíodh le linn 2018 |
| B2 Oibreacha Deontais ar Bhóithre Réigiúnacha | D: An méid a caitheadh ar athshéalú bóithre áitiúla le linn 2018 (€) |
| B3: % na n-idirbheart Mótarchánach a rinneadh ar líne | A: % na n-idirbheart mótarchánach ar pléadh leo ar líne in 2018 |

| Cuid 3: Uisce | |
|---|---|
| U1: % den uisce óil i scéimeanna príobháideacha a chomhlíon riachtanais reachtúla | A. % den uisce óil i scéimeanna príobháideacha a chomhlíon riachtanais reachtúla |

| Cuid 4: Dramhaíl/Comhshaol | |
|---|---|
| C1: Líon % na dTeaghlach a bhfuil seirbhís 3 bhosca bruscair á fáil acu | A. Líon na dteaghlach, bunaithe ar Dhaonáireamh 2016, atá suite i gceantar arna chlúdach ag oibritheoir ceadúnaithe a chuireann seirbhís 3 bhosca bruscair ar fáil amhail an 31/12/2018 |
| C1: Líon % na dTeaghlach a bhfuil seirbhís 3 bhosca bruscair á fáil acu | B. % na dteaghlach laistigh den údarás áitiúil (de réir Dhaonáireamh 2016) a léiríonn an uimhir ag A |
| C2: % na ngearán um thruailliú an chomhshaoil a dúnadh | A. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a raibh ina n-ábhar gearáin le linn 2018 |
| C2: % na ngearán um thruailliú an chomhshaoil a dúnadh | A. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a dúnadh le linn 2018 |
| C2: % na ngearán um thruailliú an chomhshaoil a dúnadh | A. Líon na gcásanna truaillithe idir lámha amhail an 31/12/2018 |
| C3: % de cheantar an ÚA laistigh de na 5 leibhéal de thruailliú bruscair | % den cheantar nach bhfuil truaillithe nó atá saor ó bhruscar |
| C3: % de cheantar an ÚA laistigh de na 5 leibhéal de thruailliú bruscair | % den cheantar atá beagán truaillithe |
| C3: % de cheantar an ÚA laistigh de na 5 leibhéal de thruailliú bruscair | % den cheantar atá measartha truaillithe |
| C3: % de cheantar an ÚA laistigh de na 5 leibhéal de thruailliú bruscair | % den cheantar atá truaillithe go suntusach |
| C3: % de cheantar an ÚA laistigh de na 5 leibhéal de thruailliú bruscair | % den cheantar atá thar a bheith truaillithe |
| C4: % na scoileanna ar bronnadh stádas an bhrait ghlais orthu | A. % na scoileanna ar bronnadh stádas an bhrait ghlais orthu * |

| Cuid 5: Pleanáil | |
|---|---|
| P1: Foirgnimh nua ar rinneadh iniúchadh orthu | A. Foirgnimh ar rinneadh iniúchadh orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua ar cuireadh an t-údarás áitiúil ar an eolas fúthu |
| P2: Cinntí Pleanála deimhnithe ag ABP | A. Líon chinntí pleanála an ÚA ar rinneadh achomharc orthu chuig An Bord Pleanála, ar chinn an Bórd iad ar aon dáta in 2018 |
| P2: Cinntí Pleanála deimhnithe ag ABP | B. % de na cinntí ag A a dheimhnigh (le hathrú agus gan athrú) an cinneadh a rinne an ÚA |
| P4: Costas na seirbhíse pleanála in aghaidh an duine | A. Sonraí Chlár D de Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) 2018 roinnte ar dhaonra cheantar an ÚA de réir dhaonáireamh 2016 (€) |
| P3: Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh agus iad réitithe | A. Líon iomlán na gcásanna pleanála ar atreoraíodh chuig an údarás áitiúil nó ar thosaigh an t-údarás áitiúil iad sa tréimhse idir 01/01/2018 agus 31/12/2018 ar rinneadh scrúdú orthu |
| P3: Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh agus iad réitithe | B. Líon iomlán na gcásanna ar rinneadh scrúdú orthu a dúnadh le linn 2018 |
| P3: Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh agus iad réitithe | C. % na gcásanna ag B a díbheadh toisc gur chásanna suaracha, mhionchásanna nó chásanna gan bunús iad nó gur chásanna iad a dúnadh toisc go raibh siad faoi urchosc reachta nó gur bhain siad le forbraíocht dhíolmhaithe |
| P3: Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh agus iad réitithe | D. % na gcásanna ag B ar réitíodh iad go sástacht an ÚA trí idirbheartaíocht |
| P3: Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh agus iad réitithe | E. % na gcásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe |
| P3: Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh agus iad réitithe | F. Líon iomlán na gcásanna pleanála a raibh imscrúdú á dhéanamh orthu amhail an 31/12/2018 |
| P5: Iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán | A. % na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas in 2018 a ndearnadh cinneadh orthu (a ceadaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de dhá mhí óna bhfáil |
| P5: Iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán | B. % na n-iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas in 2018 a ndearnadh cinneadh orthu (a ceadaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de thréimhse shínithe a aontaíodh leis an iarratasóir |

| Cuid 6: Seirbhísí Dóiteáin | |
|---|---|
| D1: Costas in aghaidh an duine | A. Sonraí caiteachais chlár E den Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) do 2018 roinnte ar dhaonra cheantar an ÚA de réir figiúirí dhaonáireamh 2016 don daonra ar fhreastail an t-údarás dóiteáin air de réir na dtuairiscí chéim a haon den chur chuige bunaithe ar riosca (€) |
| D2: Slógadh na Seirbhíse | A & B. An meánam a glacadh, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i gcásanna dóiteáin |
| D2: Slógadh na Seirbhíse | C & D. An meánam a glacadh, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin (seirbhís dóiteáin forchoimeádta) a shlógadh i ngach cás éigeandála (nár chás dóiteán é) |
| D3: Amanna freastail ag eachtraí | A. % na gcásanna i gcás dóiteáin a raibh an chéad fhreastal ag an eachtra ann laistigh de 10 nóiméad |
| D3: Amanna freastail ag eachtraí | B. % na gcásanna i gcás dóiteáin a raibh an chéad fhreastal ag an eachtra i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad |
| D3: Amanna freastail ag eachtraí | C. % na gcásanna i gcás dóiteáin a raibh an chéad fhreastal ag an eachtra i ndiaidh 20 nóiméad |
| D3: Amanna freastail ag eachtraí | D. % na gcásanna i gcás gach eachtra éigeandála eile a raibh an chéad fhreastal ag an eachtra laistigh de 10 nóiméad |
| D3: Amanna freastail ag eachtraí | E. % na gcásanna i gcás gach eachta éigeandála eile a raibh an chéad fhreastail ag an eachtra i ndiaidh 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad |
| D3: Amanna freastail ag eachtraí | F. % na gcásanna i gcás gach eachtra éigeandála eile a raibh an chéad fhreastal ag an eachtra i ndiaidh 20 nóiméad |

| Cuid 7: Leabharlann | |
|---|---|
| L1: Cuairteanna ar an leabharlann agus éisiúintí leabharlainne | A. Líon na gcuairteanna ar an leabharlann in aghaidh an duine de dhaonra cheantar an ÚA de réir dhaonáireamh 2016 |
| L1: Cuairteanna ar an leabharlann agus éisiúintí leabharlainne | B. Líon na n-earraí a eisíodh chuig iasachtaithe leabharlainne sa bhliain |
| L2: Costas as seirbhís leabharlainne a reáchtáil | A. Sonraí chlár F den Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) do 2018 roinnte ar dhaonra ceantar an ÚA de réir dhaonáireamh 2016 (€) |

| Cuid 8: An Óige/An Pobal | |
|---|---|
| O1 | A. % na scoileanna áitiúla atá páirteach i gComhairle áitiúil na nÓg. Scéim Chomhairle na Óg |
| O2 | A. Líon na n-eagraíochtaí ar Chlár an Chontae amhail an 31/12/2018 agus coibhneas na n-eagraíochtaí sin a bheartaigh bheith mar chuid den Choláiste um Chuimsiú Sóisialta laistigh den LRP |

| Cuid 9: Corparáideach | |
|---|---|
| C1: Iomlán na CLanna | A. An choibhéis lánaimseartha foirne amhail an 31 Nollaig 2018 |
| C2: Laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar thinneas | A. % na laethanta oibre íoctha a cailleadh de dheasca asláithreacht tinnis deimhnithe ag dochtúir in 2018 |
| C2: Laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar thinneas | B. % na laethanta oibre íoctha a cailleadh de dheasca asláithreacht tinnis féin-deimhnithe in 2018 |
| C3: Úsáid láithreán gréasáin agus mheáin shóisialta an ÚA | A. Líon iomlán na radharc ar láithreáin ghréasáin an údaráis áitiúil in 2018 |
| C3: Úsáid láithreán gréasáin agus mheáin shóisialta an ÚA | B. Líon iomlán na leantóirí ag deireadh 2018 ar chuntas an ÚA ar na meáin shóisialta |
| C4: Costas foriomlán an tsoláthair TFC in aghaidh an CL | A. Gach caiteachas TFC sa tréimhse idir 01/01/2018 agus 31/12/2018 roinnte ar an uimhir CL, a cuireadh ar fáil faoi tháscaire C1 |
| C5: Costas foriomlán na TFC mar choibhneas ar chaiteachas ioncaim | A. Gach caiteachas TFC a ríomhadh in C4 mar choibhneas ar chaiteachas ioncaim |

| Cuid 10: Airgeadas | |
|---|---|
| A1: Achoimre 5 Bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim | A. Iarmhéid Ioncaim 2014 (€) |
| A1: Achoimre 5 Bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim | B. Iarmhéid Ioncaim 2015 (€) |
| A1: Achoimre 5 Bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim | C. Iarmhéid Ioncaim 2016 (€) |
| A1: Achoimre 5 Bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim | D. Iarmhéid Ioncaim 2017 (€) |
| A1: Achoimre 5 Bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim | E. Iarmhéid Ioncaim 2018 (€) |
| A1: Achoimre 5 Bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim | F. Barrachas nó easnamh carnach amhail an 31/12/2018 de réir ioncam iomlán an RAB |
| A1: Achoimre 5 Bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim | G. Caiteachas Ioncaim in aghaidh an duine in 2018 (bunaithe ar dhaonáireamh 2016) |
| A2 (A): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú rátaí tráchtála | % na rátaí tráchtála a bailíodh in 2014 |
| A2 (A): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú rátaí tráchtála | % na rátaí tráchtála a bailíodh in 2015 |
| A2 (A): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú rátaí tráchtála | % na rátaí tráchtála a bailíodh in 2016 |
| A2 (A): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú rátaí tráchtála | % na rátaí tráchtála a bailíodh in 2017 |
| A2 (A): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú rátaí tráchtála | % na rátaí tráchtála a bailíodh in 2018 |
| A2 (B): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú cíosa agus anáidí | % den chíos agus de na hanáidí a bailíodh in 2014 |
| A2 (B): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú cíosa agus anáidí | % den chíos agus de na hanáidí a bailíodh in 2015 |
| A2 (B): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú cíosa agus anáidí | % den chíos agus de na hanáidí a bailíodh in 2016 |
| A2 (B): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú cíosa agus anáidí | % den chíos agus de na hanáidí a bailíodh in 2017 |
| A2 (B): Achoimre 5 Bliana ar bhailiú cíosa agus anáidí | % den chíos agus de na hanáidí a bailíodh in 2018 |
| A2 ©: Achoimre 5 bliana ar bhailiú iasachtaí tithíochta | % d'iasachtaí tithíochta a bailíodh in 2014 |
| A2 ©: Achoimre 5 bliana ar bhailiú iasachtaí tithíochta | % d'iasachtaí tithíochta a bailíodh in 2015 |
| A2 ©: Achoimre 5 bliana ar bhailiú iasachtaí tithíochta | % d'iasachtaí tithíochta a bailíodh in 2016 |
| A2 ©: Achoimre 5 bliana ar bhailiú iasachtaí tithíochta | % d'iasachtaí tithíochta a bailíodh in 2017 |
| A2 ©: Achoimre 5 bliana ar bhailiú iasachtaí tithíochta | % d'iasachtaí tithíochta a bailíodh in 2018 |

| Cuid 11: Forbairt Gheilleagrach | |
|---|---|
| J1 | A. Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón oifig fiontair áitiúil le linn na tréimhse 01/01/2018 go 31/12/2018 |
| J2 | A. Líon na n-iarratas ar dhearbháin trádála ar líne a cheadaigh an Oifig Fiontair Áitiúil in 2018 |
| J2 | B. Líon na ndearbhán trádála ar líne sin a tarraingíodh as in 2018 |
| J3 | A. Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2018 agus 31 Nollaig 2018 |
| J4 | A. An bhfuil straitéis reatha turasóireachta ag an údarás áitiúil? |
| J4 | B. An bhfuil Oifigeach ainmnithe Turasóireachta ag an Údarás Áitiúil? |

# Aguisín C: Beartas Eorpach, Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil

## AE/Náisiúnta

- Treochlár um Chuimsiú Sóisialta: Uaillmhianta, Spriocanna agus Gealltanais 2019-2025 (le foilsiú in 2019)
- Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creat beartais náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga 2014-2020
- Plean Gnímh don Aeráid 2019 chun dul i ngleic le Cliseadh na hAeráide (2019)
- RCGAC: Straitéis Náisiúnta Chibearshlándála
- RCGAC: Straitéis Náisiúnta Dhigiteach
- Nuálaíocht RGFN 2020
- Margadh Aonair Digiteach
- Straitéis Ríomhsheirbhísí an Rialtais
- Treoir an AE maidir le Tuilte
- Straitéis Oiriúnaithe an AE i leith an Athrú Aeráide
- Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuilte (CEFT)
- Pleananna agus Léarscáileanna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte arna soláthar ag an gclár Náisiúnta MBRCTD (Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair) (floodinfo.ie)
- Treoirlínte ar an gCóras Pleanála agus ar Bhainistíocht i gCás Tuilte
- Ráiteas Beartais ar Phleanáil Mhuirí (le glacadh in R3 2019)
- Plean straitéiseach Met Éireann 2017-2027
- An Creat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin (2018)
- Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- Plean Forbartha Náisiúnta
- Seirbhís Náisiúnta um Réamhaisnéis agus Rabhaidh Tuilte (dáta ó stáisiúin mhonatóireachta - waterlevel.ie)
- Plean Náisiúnta Oidhreachta - Oidhreacht Éireann 2030
- An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (SNTDM)
- Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (le glacadh faoi dheireadh 2020)
- An Creat Náisiúnta Pleanála 2040
- An Beartas Náisiúnta maidir le Fiontraíocht Shóisialta in Éirinn 2019-2022
- Straitéis Náisiúnta maidir le hIonchuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021
- Straitéis Náisiúnta um Thithíocht Fholamh a Athúsáid
- Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022
- Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Cheangal agus a Chumasú
- Ár Seirbhís Phoiblí 2020
- Daoine, Áit agus Beartas – Ag Forbairt na Turasóireachta go dtí 2025 agus na Pleananna Gníomhaíochta Turasóireachta a bhaineann leis
- Beartas um Éadáil agus Diúscairt Maoine
- Prótacail ar Aistriú agus Roinnt Acmhainní Maoine
- Straitéis na hEarnála Poiblí um Éifeachtúlacht Fuinnimh
- Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí
- Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí
- Atógáil Éireann
- Beartas agus Creat Forbartha Leictreachais In-athnuaite (BCFLI) Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021.
- Beartas Forbartha Tuaithe 2020+ An chéad chéim eile
- Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo
- Pobail Inbhuanaithe, Ionchuimsitheacha agus Chumhachtaithe: Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus leis an Earnáil Dheonach in Éirinn (2019)
- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
- Plean Náisiúnta Teagmhais do Dhoirteadh Ola (RITS)
- Plean Náisiúnta um Chuardach agus Tarrtháil (RITS)
- Ráiteas Beartais Seirbhísí Uisce 2018-2025
- Treoirlínte maidir le Fuinneamh Gaoithe a Fhorbairt (TFGF)

## Réigiúnach

- Cláir Oibriúcháin CFRE 2014-2020
- Pleananna agus Léarscáileanna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte, lena n-áirítear pleananna ábhartha áitiúla
- Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha
- Grúpa Oibre Comhordaithe Gníomhaireachtaí Stáit um Priacal Tuile na Sionainne

# Aguisín C: Beartas Eorpach, Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil

## Áitiúil

- An Plean do Leanaí agus do Dhaoine Óga (PLDO)
- Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide 2019-2024
- Straitéis Dhigiteach
- Faireachas Margaidh i leith táirgí tógála (I.R. Uimh. 225 of 2013) á dTógáil
- Rialachán Táirgí (AE) Uimh. 305/2011
- Straitéis Iompair an NTA do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Plean Forbartha an Chontae 2016-2022
- Pleananna Limistéir Áitiúil
- Scéim Phleanála Choill na Silíní 2014 (mar a leasaíodh)
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021
- Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019-2024
- Straitéis Turasóireachta 2017-2022
- Straitéis dlr um Áiseanna Spóirt 2017-2022
- Straitéis 6 bliana Chomhchiste Póilíneachta dlr 2016-2021
- Straitéis um Iompar Frithshóisialta 2016-2022
- Plean um Bainistíocht Bruscair 2018-2020
- Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2017-2020
- Plean Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath in aghaidh Torainn 2018-2023

# Nótaí

## Nótaí

Comhairle Contae County Council

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,
Halla an Chontae, Bóthar na Mara,
Dún Laoghaire,
Co. Bhaile Átha Cliath, A96 K6C9.

www.dlrcoco.ie
Fón +353 1 205 4700
info@dlrcoco.ie